

# Eachtra an tSeanmhapa

Tháinig mé ar sheanmhapa nuair a bhí mé ag cabhrú le glanadh amach an áiléir sa bhaile. Bhí an mapa tarraingthe de láimh agus bhí dath buí tagtha air. Bhí áiteanna ar fud ár mbaile marcáilte air, áiteanna nach raibh cloiste agam fúthu riamh roimhe sin.

Thug mé isteach liom ar scoil é, agus chabhraigh an rang ar fad liom chun oibriú amach céard a bhí scríofa air. D'aithin roinnt daoine na háiteanna a bhí suite in aice lena gceantar féin agus chuala roinnt daoine eile trácht ar áiteanna áirithe ó dhaoine eile. Bhí go leor áiteanna ar an mapa nach raibh feicthe ag go leor againn go dtí sin, agus mar sin shocraigh muid cuairt a thabhairt orthu. Chuaigh muid go dtí roinnt de na háiteanna leis an rang agus go dtí roinnt eile lenár dteaghlach féin. Tháinig muid ar thobar folaithe, crann ársa, agus fothrach seaneaglaise. Bhí sé cosúil le tóraíocht taisce, trí stair an cheantair!

Tharraing muid mapa nua ar a raibh pictiúir ildaite agus scéalta faoi na háiteanna go léir. Roinn muid an mapa seo leis na scoileanna agus na grúpaí go léir sa cheantar a mbeadh spéis acu ann. Bhí sé go hiontach ar fad fios a bheith againn go mbeadh daoine ag foghlaim agus ag fáil amach faoin stair iontach atá timpeall orainn.

